Cúlra:

Tá comhoibriú ag dul ar aghaidh idir Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Conradh na Gaeilge le breis is 10 mbliain anuas ar bhonn ad-hoc.

I measc rudaí eile tá na rudaí seo a leanas bainte amach sa thréimhse sin:

- Comhfheachtais eagraithe
- Traenáil curtha ar fáil do breis is 600 mac léinn ó na cumainn Gaelacha agus ó na haontais mac léinn
- Ball foirne fostaithe le tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na cumainn Gaelaigh agus na hoifigigh Gaeilge sna haontais mac léinn le trí bliain anuas
- Imeachtaí móra eagraithe gach bliain, ach go háirithe ag Oireachtas na Gaeilge (freastalaíonn idir 400 agus 600 mac léinn le Gaeilge ar an Oireachtas)

Ba mhaith leis an dá eagraíocht gaol oifigiúil a aontú eadrainn leis an dul chun cinn déanta a aithint agus chun cabhrú le forbairtí nua a éascú amach anseo atá ar leas mianta an dá eagraíocht.

Aontaíonn Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Conradh na Gaeilge:

- Go mbualfaidh an dá eagraíocht le chéile uair sa ráithe le comhfheachtais a aontú agus eolas ar an nGaeilge a roinnt
- Go n-oibreoidh an dá eagraíocht le chéile le cumainn nua a bhunú, cumainn reatha a chothú agus le leanúnachas a chinntiú i ngluaiseacht na mac léinn Gaeilge
- Go mbeidh an dá eagraíocht ag obair le chéile chun modúil eolais a chur a fáil do na mic léinn, chun go mbidh spriocanna leanúnacha ag na Cumainn Gaelacha
- Go gcuirfidh an dá eagraíocht tacaíocht ar fáil do na cumainn Gaelacha ar fud na tíre le Seachtain na bhFreiséir a eagrú
- Go n-eagróidh an dá eagraíocht '**Traenáil na Mac Léinn'** le chéile i mí dheireadh Fómhair go bliantúil
- Go n-eagróidh an dá eagraíocht **'Oíche na Mac Léinn'** ag an Oireachtas go bliantúil
- Go gcuirfidh Conradh na Gaeilge tacaíocht ar fáil do **'Sheachtain na Gaeilge AMLÉ'**
- Go gcuirfidh Conradh na Gaeilge tacaíocht ar fáil le **Fóram na Gaeilge d'AMLÉ** a eagrú go bliantúil san ionad céanna go mbeidh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar siúl

Ionadaíocht idir an dá eagraíocht:

Beidh ionadaíocht ag Leasuachtarán na Gaeilge d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn ar na coistí seo a leanas:

- Ionadaíocht ar *Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge* trí *Choiste Contae BÁC na Mac Léinn* a aithint mar choiste chontae de chuid Chonradh na Gaeilge (beidh na cumainn Gaelacha i mBÁC mar bhaill den choiste contae seo)
- Ionadaíocht ar ghrúpa oibre Bhliain na Gaeilge
- Ionadaíocht ar Choiste Náisiúnta Oireachtas na Gaeilge

- Ionadaíocht ar lárchoiste na féile RITH

SEACHTAIN NA GAEILGE

USI

Aontas na Mac Léinn in Éirinn